An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Nóta Treorach maidir le hiarratas a dhéanamh leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi Alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997

## Faoiseamh i leith Infheistíochta i Scannáin

**Bealtaine 2024**

**1.Réamhrá**
Forálann Alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (dá ngairtear “Alt 481” i ndiaidh seo) agus Rialacháin na Scannán 2019, (IR Uimh. 119/2019) arna ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an 27 Márta 2019 d’fhaoiseamh cánach corparáide i léiriúchán scannán ag cuideachtaí léiriúcháin scannán. Tá an faoiseamh ar fáil do chuideachtaí léiriúcháin scannán ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, mar atá leagtha amach de réir reachta agus rialachán, agus mar a shonraítear sa Deimhniú eisithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Ba chóir an Nóta Treorach seo a léamh in éineacht le hAlt 481 agus leis na Rialacháin. Is mar threoir amháin a thugtar an fhaisnéis sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, comhairle dlí san áireamh. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir chuimsitheach ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás. Cé go ndéantar gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a thugtar cruinn, ní féidir glacadh le freagracht as aon dliteanas a thabhaítear ná as aon chaillteanas a fhulaingítear de bharr a bheith ag brath ar aon ábhar a fhoilsítear anseo.

Tugtar an faoiseamh ag 32% den cheann is ísle de:

a) caiteachas incháilithe
b) 80% de chostas iomlán léiriúcháin an scannáin
c) €125,000,000

agus féadfar é a éileamh i gcoinne dliteanas cánach corparáide cuideachta léiriúcháin.

Thug Alt 26 den Acht Airgeadais 2018 roinnt leasuithe isteach ar Alt 481. Theastaigh an oiread sin leasuithe iarmhartacha ar Rialacháin Scannán 2015 gur theastaigh Rialacháin Scannán 2019 a thabhairt isteach. Tá Rialacháin Scannán 2015 cúlghairthe ag Rialacháin na Scannán 2019 (ach amháin sa mhéid ina mbaineann siad le hiarratas nach mbaineann Rialacháin Scannáin 2019 leis).

Foráladh san Acht Airgeadais 2018 go ndéanfadh cuideachta léiriúcháin iarratas go díreach leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (an tAire) ag rá go gcaithfear leis an scannán mar scannán incháilithe chun críche Alt 481. I gcás ina n-eisíonn an tAire deimhniú maidir le scannán incháilithe, agus go gcomhlíontar na forálacha eile go léir in Alt 481, féadfaidh cuideachta léiriúcháin éileamh a dhéanamh ar chreidmheas cánach corparáide an scannáin.

Cuirtear socruithe idirthréimhseacha san áireamh do scannáin a bhfuil léiriúchán tosaithe orthu in Éirinn roimh fhoilsiú na Rialachán.

## 2. Socruithe Idirthréimhseacha

Forálann na Rialacháin go gcaithfidh cuideachta léiriúcháin iarratas ar dheimhniú a dhéanamh i scríbhinn chuig an Aire 21 lá oibre ar a laghad sula dtosaítear ar léiriúchán in Éirinn. Forálann na Rialacháin freisin socruithe idirthréimhseacha do scannáin a tosaíodh roimh theacht chun feidhme na Rialachán:

1) Sa chás gur thosaigh léiriúchán scannáin in Éirinn roimh thosach feidhme na Rialachán (.i. roimh 27 Márta 2019) agus nach ndearnadh aon iarratas leis na Coimisinéirí Ioncaim ar Dheimhniú faoi Alt 481 mar a bhí sé roimh na hathruithe a rinneadh leis an Acht Airgeadais 2018,féadfar iarratas faoi Alt 481(1A) a dhéanamh i leith an scannáin sin tráth ar bith ar nó roimh an 30 Aibreán 2019 (Rialachán 4).

2) Sa chás gur thosaigh léiriúchán scannáin in Éirinn roimh thosach feidhme na Rialachán (.i. roimh 27 Márta 2019) agus go ndearnadh iarratas leis na Coimisinéirí Ioncaim ar Dheimhniú faoi Alt 481 mar a bhí sé roimh na hathruithe a rinneadh leis an Acht Airgeadais 2018,ach níor eisigh an tAire aon údarú faoi Alt 481 mar bhí sé roimh leasuithe an Achta Airgeadais 2018, déileálfar leis an iarratas sin mar iarratas a rinneadh leis an Aire faoi Alt 481 (1A) (Rialachán 4).

## 3. An Próiseas Iarratais

Forálann alt 481 nach ndéanfaidh cuideachta léiriúcháin éileamh ar chreidmheas cánach corparáide an scannáin mura bhfuil deimhniú eisithe ag an Aire i leith an scannáin sin.

Ní mór iarratas ar dheimhniú a dhéanamh san fhoirm atá forordaithe ag an Aire agus ní mór go mbeadh cibé faisnéis a fhorordófar sna Rialacháin inti. Ní mór an fhaisnéis seo a leagan amach san Fhoirm Iarratais (Táb A) leis an doiciméadú tacaíochta atá leagtha amach i dtábanna B go M.

Beidh aird ag an Aire, le linn dó bheith á bhreithniú ar cheart deimhniú a eisiúint leis an gcuideachta léiriúcháin maidir le scannán, scrúdú ar an nglan-ranníocaíocht réamh-mheasta a dhéanfaidh Scéim Alt 481 agus Scéimeanna Cúnaimh Stáit eile don tionscadal; agus breithneoidh sé an gcomhlíonfaidh an scannán ceann amháin nó an dá cheann de na critéir seo a leanas: -

(i) Beidh an scannán tábhachtach maidir leis an gcultúr náisiúnta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a fheabhsú lena n-áirítear, más infheidhme, an Ghaeilge (dá ngairtear ‘an tástáil chultúir’ air) agus

(ii) Beidh sé ina spreagadh éifeachtach chun scannáin a dhéanamh sa Stát trí, i measc rudaí eile, deiseanna fostaíochta agus oiliúna ar ardchaighdeán agus deiseanna forbartha scileanna a sholáthar (dá ngairtear 'tástáil forbartha an Tionscail').

Beidh an deimhniú bunaithe ar an bhfaisnéis a seoladh isteach agus ar an tuiscint nach sáróidh na tograí aon cheann de na coinníollacha faoisimh. Eisítear deimhniú ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil le linn an phróisis iarratais. Ní mór an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a chur ar an eolas maidir le haon athrú ábhartha ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil a thagann chun cinn de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.

Ba chóir an fhoirm iarratais agus na cáipéisí tacaíochta (Tábanna B go M) a chur isteach trí ríomhphost chuig **section481@tcagsm.gov.ie**.

## 4. Táb A Foirm Iarratais

### 1. Eolas Léiriúcháin

Cuideachta Léiriúcháin

1. Tráth an t-iarratas, ní mór don iarratasóir a bheith ina Chuideachta Léiriúcháin a chomhlíonann na ceanglais uile seo a leanas:

a) go bhfuil sé bunaithe sa Stát, nó i Stát LEE seachas an Stát agus go ndéanann sé gnó sa Stát trí bhrainse nó trí ghníomhaireacht;

b) go ndéanann sé trádáil chun scannáin a léiriú ar bhonn tráchtála d'fhonn brabús a dhéanamh,

c) go ndéantar na scannáin chun iad a thaispeáint don phobal i bpictiúrlanna nó trí chraoladh,

d) ní féidir leis a bheith ina chraoltóir nó ina chuideachta a bhfuil a ghnó déanta go hiomlán nó go formhór de scannáin ar an idirlíon, ná ní féidir é a bheith nasctha le craoltóir nó le cuideachta arb é a ghnó go hiomlán nó go formhór, in éineacht le gach cuideachta lena mbaineann sé, comhaid a tharchur ar an idirlíon;

e) go sealbhaíonn sé na scaireanna go léir sa chuideachta incháilithe; agus

f) nach cuid de ghnóthas é a mheastar a bheith ina ghnóthas a bhfuil deacracht aige de réir bhrí "gnóthas a bhfuil deacracht aige" mar atá leagtha amach sna Treoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe mar atá sainmhínithe in Alt 481

Tá na riachtanais seo leagtha amach sa 'Thástáil Chuideachta Léiriúcháin' san fhoirm iarratais.

Ba cheart don chuideachta léiriúcháin sonraí a sholáthar maidir le duine a bheidh mar phríomhtheagmhálaí maidir leis an iarratas lena n-áirítear ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an duine sin. Seolfar aon cheisteanna ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chuig an duine seo.

Ba chóir do Chuideachta Léirithe a chur in iúl an é nó nach é a chéad iarratas faoi phróiseas Alt 481.

Ba cheart do Chuideachta Léirithe a chur in iúl freisin an bhfuil Cód Iompraíochta Shábháilte le Cruthú (anseo) sínithe ag an gcuideachta.

Cuideachta Incháilithe
Is éard is cuideachta incháilithe ná cuideachta léiriúcháin sainchuspóra a chomhlíonann na riachtanais seo a leanas:

a) a) go bhfuil sé corpraithe agus bunaithe sa Stát nó go bhfuil sé ag trádáil sa Stát trí bhrainse nó trí ghníomhaireacht;
b) nach bhfuil sé bunaithe ach chun críocha scannán incháilithe a léiriú; agus
c) (c) nach bhfuil na focail “Ireland”, “Irish”, “Éireann”, “Éire” ina hainm, i gcás ina bhfuil ainm na cuideachta atá i gceist cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014 nó an tAcht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963, nó faoin dá Acht, nó atá cláraithe faoi dhlí na críche ina bhfuil sé corpraithe.

**2. Sceideal Léiriúcháin**
Ní mór sonraí a thabhairt ar theideal an scannáin, aon teideal eile, struchtúr agus fad an scannáin, an sceideal léiriúcháin, an dáta a thosaíonn léiriúchán in Éirinn agus an dáta críochnaithe measta. Caithfidh cuideachta léiriúcháin iarratas ar dheimhniú a dhéanamh i scríbhinn chuig an Aire 21 lá ar a laghad sula dtosaítear ar léiriúchán in Éirinn.

**3. Catagóir an Scannáin**
Leagtar amach i Rialachán 5 na cineálacha scannán atá incháilithe le haghaidh teastais. Ní mór scannán incháilithe a bheith léirithe ar bhonn tráchtála d'fhonn brabús a dhéanamh agus a léiriú go hiomlán nó go príomha chun é a thaispeáint don phobal i bpictiúrlanna nó trí chraoladh. Is iad na catagóirí:

1. Príomhscannán.
2. Gearrscannán ar chaighdeán príomhscannáin,
3. Dráma Teilifíse (fad scannáin nó sraith),
4. Gearrthóg bheochana (cibé acu an ríomhghinte nó ar shlí eile í, ach gan cluichí ríomhaireachta a áireamh), nó
5. Clár faisnéise cruthaitheach, nuair atá an tionscadal:

- bunaithe ar théama úrnua, agus é léirithe de rogha ag script nó ag cur chuige a bhfuil stampa soiléir na cruthaitheachta agus na peirspictíochta pearsanta ar an dearadh agus an stíl; agus
- go bhfuil gné áirithe “buaine” ann ionas nach gcaillfear suim ann nuair a bheidh an eachtra lena mbaineann sé thart; agus
- bíonn socruithe léiriúcháin i gceist a thugann fianaise, go háirithe, ar thréimhse mhór ullmhúcháin agus ar thréimhse shuntasach atá dírithe ar obair iarléiriúcháin; agus
- go bhfuil scannánaíocht úrnua shuntasach ann agus go bhfuil níos mó i gceist aige ná eolas a thuairisciú.

Níl na catagóirí scannáin seo a leanas incháilithe le haghaidh teastais: (Rialachán 6)

1. Scannáin a rinneadh le taispeáint mar fhógra nó mar chlár fógraíochta
2. Teilifís réaltachta bíodh sí scripte nó neamhscripte,
3. Léiriúchán, seachas clár faisnéise, a bhfuil gach cuid nó cuid mhór de déanta de stocphíosaí scannánaíochta,
4. Cláir chúrsaí reatha a bhféadfadh go mbeadh formáidí éagsúla ag baint leo, lena n-áirítear tuairisciú nuachta beo nó réamhthaifeadta, agallaimh, díospóireachtaí, comhchainteanna, míreanna faisnéise, fóraim oscailte agus díospóireachtaí painéil,
5. Formáidí clár cainte a d’fhéadfadh láithreoir amháin nó beirt a bheith i gceist agus atá de ghnáth gan script,
6. Cláir Léirmheasa, Irischláir nó Cláir Nós Maireachtála,
7. Leaganacha áitiúla d’fhormáidí idirnáisiúnta ceadúnaithe,
8. Scannáin atá déanta de nó atá bunaithe go substaintiúil ar:
    a. taibhiú(ithe) poiblí nó speisialta a chuirtear ar siúl le haghaidh scannánú nó eile;
    b. Imeacht(í) Spóirt;
    c. cluichí nó comórtais;
    d. Cláir taispeána do thascanna, do chaithimh aimsire nó do thionscadail;
    e. Clársceidealú beo.

## 4. Achoimre an Scannáin

<u>Tástáil Forbartha Tionscadail</u>

Ní mór don chuideachta léiriúcháin a léiriú conas, i gcur chun cinn, i bhforbairt agus i bhfeabhsú an chultúir, go bhfeidhmíonn an scannán mar spreagadh éifeachtach chun scannáin a dhéanamh sa Stát, i measc rudaí eile, trí dheiseanna fostaíochta agus oiliúna d’ardchaighdeáin a sholáthar. Ba chóir go mbeadh an fhaisnéis tacaithe ag an bhfaisnéis atá leagtha amach i dtábanna B - M nach mór í a chur isteach leis an bhfoirm iarratais.

<u>Tástáil Chultúir</u>

Braithfidh an cinneadh maidir le deimhniú a eisiúint go tionscadal scannáin ar chumas an scannáin trí cinn ar a laghad de na critéir atá leagtha amach sa chuid seo den fhoirm iarratais a chomhlíonadh. Ní mór don chuideachta léiriúcháin a léiriú conas a

chomhlíonann an scannán na critéir trí thagairt shonrach do ghnéithe den scannán, den script agus den ábhar. Ní leor é foclaíocht na gcritéar a athrá gan tagairt a dhéanamh do shamplaí sonracha.

**5. Príomhphearsanra**

Ní mór luach iomlán saothair a lua le haghaidh gach duine den phríomhphearsanra, lena n-áirítear pá agus sochair chomhchineáil, lena n-áirítear speansais cothaithe laethúil agus díolaíochtaí eile.

6. **Páirtithe sa Léiriúchán**

Ba chóir sonraí a sholáthar maidir leis na páirtithe atá páirteach sa tionscadal. Go háirithe, ba cheart an duine a bhfuil an scannán críochnaithe le seachadadh chuige, iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí iarléiriúcháin agus seirbhísí agus soláthraithe airgeadais eile a aithint.

**7. Cúnamh Stáit**

Tá carnadh Cúnamh Stáit teoranta i bprionsabal do 50% de bhuiséad léirithe an scannáin, d'fhonn gnáth-thionscnaimh tráchtála a spreagadh. Féadfaidh leibhéal cúnaimh suas le 60% den bhuiséad léirithe a bheith i gceist do léiriúcháin trasteorann maoinithe ag níos mó ná Ballstát amháin agus a bhaineann le léiritheoirí ó níos mó ná Ballstát amháin.

**8. Buiséad Léiriúcháin**

Tá sonraí an bhuiséid léiriúcháin ag teastáil chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil an tionscadal inghlactha ó thaobh cúnaimh stáit de. Iarrtar ar iarratasóirí sonraí a sholáthar faoi fhoinsí eile maoinithe, mar aon le sonraí aon Chúnaimh eile de chuid an AE/Stáit, lena n-áirítear sonraí faoi aon mhaoiniú ó Fís Éireann nó Údarás Craolacháin na hÉireann a fuarthas i gcoinne chostas léirithe an scannáin.

**9. Eolas fostaíochta**

Criú agus Foireann Aistreoirí

Tá sonraí maidir le líon iomlán an phearsanra a bheidh fostaithe ar an scannán sna catagóirí sonraithe agus a gcónaithe cánach ag teastáil.

Tabhair faoi deara go gcaithfidh an iomlán daoine a bheith cothrom leis an iomlán atá luaite i Táb E.

**10. Forbairt Scileanna agus Oiliúint**

Agus an scannán á léiriú, ceanglaítear ar an léiritheoir scileanna na ndaoine atá ag obair ar an scannán a fhorbairt. Ba chóir an líon measta rannpháirtithe i bhforbairt scileanna ar dócha go ndéanfar uas-scileáil orthu le linn an scannáin a leagan amach

sa mhír seo. Ba chóir faisnéis mhionsonraithe a bhaineann le Forbairt Scileanna agus Oiliúint a chur san áireamh sa Phlean Forbartha Scileanna Molta atá ar Chlib F (féach thíos).

## 11. Tástáil ar Chlár Faisnéise Cruthaitheach

Ní gá an chuid seo a chomhlánú ach amháin má tá tic curtha agat leis an gcatagóir um Chlár Faisnéise Cruthaitheach sa mhír Catagóir Scannáin thuas. Chun go mbeadh an tionscadal incháilithe mar Chlár Faisnéise Cruthaitheach tá gá le tionscadal na critéir seo a leanas a shásamh:

a) é a bheith bunaithe ar théama úrnua, agus é léirithe de rogha ag script nó ag cur chuige a bhfuil stampa soiléir na cruthaitheachta agus na peirspictíochta pearsanta ar an dearadh agus an stíl; agus
b) go bhfuil gné áirithe "buaine" ann ionas nach gcaillfear suim ann nuair a bheidh an eachtra lena mbaineann sé thart; agus
c) bíonn socruithe léiriúcháin i gceist a thugann fianaise, go háirithe, ar thréimhse mhór ullmhúcháin agus ar thréimhse shuntasach atá dírithe ar obair iarléiriúcháin; agus
d) go bhfuil scannánaíocht úrnua shuntasach ann agus go bhfuil níos mó i gceist aige ná eolas a thuairisciú.

## 12. Dearbhú

Caithfidh stiúrthóir de chuid na cuideachta léiriúcháin an dearbhú a dhéanamh.

## 13. Faisnéis le gabháil leis an iarratas

**Táb B: Achoimre ar an Tionscadal Scannáin**

Ba chóir an chuid seo a chomhlánú sa chás gurb é an chatagóir scannáin faoi Rialachán 5 é: (1) príomhscannán, nó (2) Gearrscannán ar chaighdeán príomhscannáin, nó (3) dráma teilifíse (fad gné nó sraith), nó (4) Gearrthóg bheochana (cibé acu an ríomhghinte nó ar shlí eile í, ach gan cluichí ríomhaireachta a áireamh). Ba chóir d'iarratasóirí cur síos agus forléargas a sholáthar ar an togra le breac-chuntas ar conas a fhorbraíonn an scéal de réir mar a théann an scannán nó an tsraith ar aghaidh.

I gcás cláir faisnéise cruthaitheacha (catagóir (5) faoi Rialachán 5), ba cheart d'iarratasóirí cur síos a dhéanamh ar conas a fhorbrófar an téama agus an clár faisnéise agus ní mór dóibh a chinntiú go gcomhlánófar alt 11 den fhoirm iarratais (.i. an Tástáil um Chlár Faisnéise Cruthaitheach).

**Táb C: Script scannáin críochnaithe, Scripteanna Teilifíse Samplacha nó Scéalchlár**

Chun a bheith incháilithe do dheimhniú, ní mór script iomlán a bheith críochnaithe agus ar fáil lena hiniúchadh ag an Roinn. Chun críocha an iarratais, is féidir sampla den script a chur isteach. Ba chóir go mbeadh sleachta de thús, de lár agus de dheireadh na scripte tugtha sa sampla seo.

**Táb D: Sceideal Léirithe Mionsonraithe**

Ba chóir go dtabharfaí anseo sonraí na ndátaí ar a bhfuil sé beartaithe an ghníomhaíocht a dhéanamh agus ba chóir dó, ar a laghad, sonraí a thabhairt faoi na céimeanna réamhléiriúcháin, léiriúcháin agus iarléiriúcháin. Ba chóir go dtiocfadh sé leis an bhfaisnéis atá sa Sceideal Laethanta Daoine.

**Táb E: Sceideal Laethanta Daoine**

Sceideal Laethanta Daoine is ea Tab E ar a bhfuil teideal an phoist, líon na laethanta a bhfuil gach duine fostaithe sa Stát agus thar lear léirithe chomh maith leis an mbuiséad gaolmhar. Ba cheart gach duine a áirítear sa Phlean Forbartha Scileanna Molta (Táb F) a aithint go soiléir sa Sceideal Laethanta Daoine. Tabhair an Sceideal Laethanta Duine i Excel nó i bhformáid den chineál céanna.

**Táb F: Plean Forbartha Scileanna Molta**

Caithfear faisnéis maidir le rannpháirtithe forbartha scileanna, meantóirí agus an oiliúint agus forbairt scileanna le linn léiriúchán an scannáin a chur ar fáil mar chuid d'iarratas chun deimhniúchán a fháil faoi alt 481.

Den chuid is mó, sa chás go bhfuiltear ag súil go mbeidh an caiteachas cáilithe faoi €2 milliún, déanfaidh an Roinn athbhreithniú láithreach ar an bPlean Forbartha Scileanna. I gcás scannáin den sórt sin, ba chóir don chuideachta léiriúcháin TÁB F - Plean Forbartha Scileanna a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne anseo, TAB A a chomhlánú, Forléargas ar Phlean agus B, Sonraí faoin bPlean agus iad a chur ar aghaidh chuig an Roinn mar chuid den iarratas 21 lá oibre sula gcuirtear tús leis an léiriú in Éirinn. Féadfaidh an Roinn athruithe a lorg ar an bPlean Forbartha Scileanna má mheastar nach léirítear go leor forbairt scileanna.

Maidir le gach scannán a bhfuil caiteachas incháilithe os cionn €2 milliún acu, ní mór don Chuideachta Léiriúcháin a Plean Forbartha Scileanna TÁB F a chur isteach le faomhadh ag Fís Éireann. I gcás scannáin den sórt sin, ba cheart don Chuideachta Léiriúcháin Plean Forbartha Scileanna TÁB F a íoslódáil ó shuíomh gréasáin Fhís Éireann anseo. Seo a leanas an próiseas le cáipéisí a chur isteach chuig Fís Éireann:

Ba chóir Plean Sealadach Forbartha Scileanna TÁB F a chur faoi bhráid Fhís Éireann le faomhadh coinníollach a fháil 21 lá oibre ar a laghad roimh thús léiriúcháin in Éirinn nó ar

an dáta céanna agus a chuirtear an t-iarratas ar dheimhniú faoi Alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 faoi bhráid an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá teimpléad Phlean Sealadach Forbartha Scileanna TÁB F ar fáil anseo.

Ba chóir Plean Forbartha Scileanna Deiridh TÁB F a chur faoi bhráid Fhís Éireann le faomhadh deiridh a fháil tar éis thús an léiriúcháin in Éirinn. Ní mór pleananna foghlama aonair a bheith san aighneacht freisin do gach rannpháirtí scileanna ainmnithe ar feadh ré an léirithe. Tá teimpléad Phlean Sealadach Forbartha Scileanna TÁB F ar fáil anseo (nasc le cur ar fáil). Is é seo a leanas an t-amlíne chun Plean Forbartha Scileanna Deiridh TÁB F a chur isteach: 2 sheachtain tar éis tús a chur le léiriú in Éirinn do léiriúcháin atá suas le 6 seachtaine ar fad don siút, 3 seachtaine tar éis thús a chur le léiriú in Éirinn do léiriúcháin atá idir 6-10 seachtaine ar fad don siút, agus 4 seachtaine tar éis tús a chur le léiriú in Éirinn do léiriúcháin a mhairfidh níos faide ná 10 seachtaine don siút. Níor cheart Plean Forbartha Scileanna deiridh TÁB F a chur isteach tráth ar bith níos déanaí ná 4 seachtaine tar éis thús léiriúcháin in Éirinn mura gceadaíonn Fís Éireann é.

Déanfaidh Fís Éireann plé leathan le linn an léiriúcháin faoi fhorbairt scileanna agus leibhéal cáilíochta na gníomhaíochta atá beartaithe.

Níor chóir ráta níos ísle ná an pá íosta a íoc le haon rannpháirtí forbartha scileanna i gcúinsí ar bith.

Mura bhfuil tréimhse chomhchosúil fostaíochta na rannpháirtithe forbartha scileanna agus na meantóirí/maoirseoirí/teagascóirí ag teacht le chéile, ba chóir míniú a thabhairt air sin i TÁB F Plean Forbartha Scileanna.

Ba chóir an fhaisnéis a chuirfidh na rannpháirtithe forbartha scileanna agus na meantóirí/maoirseoirí/teagascóirí ar fáil a léiriú sa Sceideal Laethanta Daoine (Táb E). Sa chás go bhfuil difríochtaí idir TÁB E agus TÁB F, ba chóir míniú a thabhairt air sin sa Phlean Forbartha Scileanna.

Ní mór Sceideal Laethanta an Duine (TÁB E) a chur faoi bhráid Fhís Éireann in éineacht le Plean Forbartha Scileanna TÁB F.

Chun críche Alt 481, is é is brí le 'rannpháirtí forbartha scileanna' ná aon phearsa aonair atá i mbun léirithe agus a ndéanfar a scileanna a fhorbairt agus a rianú le linn an léiriúcháin de réir na ceanglais forbartha scileanna a ghabhann le hAlt 481 sna catagóirí seo a leanas: ‘Iontrálaí Nua’, ‘Oiliúnaí’/ ‘Sóisear Beochana ’ nó ‘Duine i mbun Uas-sciliú’. Chun críche Alt 481:

- meastar gur iontrálaí nua atá i gceist sa chás go bhfuil duine éigin ag dul i mbun a chéad phoist sa tionscal;
- meastar gur oiliúnaí / sóisear beochana atá i gceist nuair is duine a bhfuil suas le 5-bliana taithí oibre aige sa tionscal atá i gceist;
- meastar gur 'Duine atá i mbun uas-sciliú' rannpháirtí forbartha scileanna nach iontrálaí nua nó oiliúnaí/ sóisear beochana é.

Seo a leanas líon na rannpháirtithe scileanna a bhfuiltear ag súil leo ar cheart a bheith ann agus taifead a dhéanamh orthu do gach léiriúchán:

- Maidir le tionscadail a bhfuil caiteachas incháilithe faoi bhun €2 milliún acu, táthar ag súil go bhfostófar agus go ndéanfar ar ar a laghad 2 rannpháirtithe scileanna.
- Maidir le tionscadail a bhfuil caiteachas incháilithe idir €2 milliún agus €4 milliún acu, táthar ag súil go bhfostófar agus go ndéanfar taifead ar ar a laghad 4 rannpháirtithe scileanna.
- Maidir le tionscadail a bhfuil caiteachas incháilithe idir €4 milliún agus €8 milliún acu, táthar ag súil go bhfostófar agus go ndéanfar taifead ar ar a laghad 6 rannpháirtithe scileanna.
- Maidir le tionscadail a bhfuil caiteachas incháilithe idir €8 milliún agus €12 milliún acu, táthar ag súil go bhfostófar agus go ndéanfar taifead ar ar a laghad 10 rannpháirtithe scileanna.
- Maidir le tionscadail a bhfuil caiteachas incháilithe idir €12 milliún agus €16 milliún acu, táthar ag súil go bhfostófar agus go ndéanfar taifead ar ar a laghad 12 rannpháirtí scileanna.
- Maidir le tionscadail a bhfuil caiteachas incháilithe idir €16 milliún agus €32 milliún acu, táthar ag súil go bhfostófar agus go ndéanfar taifead ar ar a laghad 15 rannpháirtí scileanna.
- Maidir le tionscadail a bhfuil caiteachas incháilithe níos mó ná €32 milliún acu, táthar ag súil go bhfostófar agus go ndéanfar taifead ar ar a laghad 20 rannpháirtí scileanna.

Nuair is féidir, ba chóir go scaipfí rannpháirtithe scileanna thar róil mar nua-iontrálaithe, róil faoi oiliúint/shóisearacha agus faoi bhreisoiliúint.

Mar mhalairt ar na huimhreacha ionchais a leagtar amach thuas a sheachadadh, féadfaidh lucht léiriúcháin dul i dteagmháil go díreach le Fís Éireann chun faomhadh a lorg do phlean scileanna níos cáilíochtúla a d’fhéadfadh réimsí eile a chuimsiú ar nós Cúrsaí Oiliúna don Chriú, Máistir-ranganna/Ceardlanna a sholáthraíonn Príomhthallann, Deiseanna Socrúcháin Oibre, Deiseanna Meantóireachta, Deiseanna Scáthaithe agus/nó Gníomhaíocht Forbartha Scileanna Breise.

Is féidir rannpháirtithe forbartha scileanna agus an méid a chaithfear ar ghníomhaíocht forbartha scileanna a leathadh amach i measc Iontrálaithe Nua, Oiliúnaithe, Uasoiliúna, Cúrsaí, Meantóireachta, Scáthaithe agus Gníomhaíocht Forbartha Scileanna Breise.
Mar mhalairt ar na huimhreacha ionchais a leagtar amach thuas a sheachadadh, féadfaidh lucht léiriúcháin dul i dteagmháil go díreach le Fís Éireann chun faomhadh a lorg do phlean scileanna níos cáilíochtúla a d’fhéadfadh réimsí eile a chuimsiú ar nós Cúrsaí Oiliúna don Chriú, Máistir-ranganna/Ceardlanna a sholáthraíonn Príomhthallann, Deiseanna Socrúcháin Oibre, Deiseanna Meantóireachta, Deiseanna Scáthaithe agus/nó Gníomhaíocht Forbartha Scileanna Breise. Ba cheart go dtacódh tograí malartacha go sonrach le forbairt na ngrúpaí áitiúla tallainne chomh maith le dul i ngleic le ganntanas

scileanna aitheanta sa limistéar cuidithe.

Chomh maith leis na riachtanais maidir le rannpháirtithe scileanna mar a leagtar amach thuas,

- iarrtar ar an mbainistíocht shinsearach atá ag obair ar an léiriúchán dhá chúrsa féintreoraithe ar líne de Chatagóir A (nó a gcomhionann*) a dhéanamh roimh nó le linn an léiriúcháin.

agus

- Ní mór do 80% ar a laghad de na daoine go léir atá ag obair ar an léiriúchán ar a laghad dhá chúrsa féintreoraithe de chuid Chatagóir A (nó a gcomhionann*) a dhéanamh roimh nó le linn an léiriúcháin.  tabhair faoi deara go bhfuil an teastas infheidhme ar feadh 3 bliana ó am críochnaithe

| Catagóir A - cúrsaí féintreoraithe ar líne |
|---|
| Bulaíocht & Ciapadh<br><br>Ionchur Daoine ar an Láthair<br><br>Claonadh Neamh-chomhfhiosach |

Is féidir teacht ar chúrsaí féintreoraithe saor in aisce faoi Chatagóir A trí shuíomh gréasáin Fhís Éireann anseo (nasc le cur ar fáil).

* Féadfar eisceachtaí ón méid thuas (lena n-áirítear cúrsa comhionann leo siúd atá i liosta Chatagóir A a chomhaontú ar bhonn cás ar chás le Fís Éireann.

D'fhéadfadh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán athruithe a lorg ar an bPlean Forbartha Scileanna má mheastar nach bhfuil an dóthain léirithe ann maidir le forbairt scileanna.

Éileofar Tuarascáil iar-thionscadail ar Fhorbairt Scileanna a chur i gcrích do gach scannán a bhfuil caiteachas incháilithe os cionn €2 milliún acu mar chuid den tuarascáil ar chomhlíonadh mar a cheanglaítear faoi Alt 10 agus a chur faoi bhráid Fhís Éireann laistigh de 12 sheachtain ó chríochnú an tionscadail. Tá sampla d'fhoirm thuairiscithe ar shuíomh gréasáin Fhís Éireann anseo.

Nuair a eiseofar deimhniú faoi alt 481, cuirfidh an Roinn tábla Táb Z chuig an gcuideachta léiriúcháin ina dtabharfar sonraí maidir leis an tréimhse oiliúna, róil, rannpháirtithe i bhforbairt scileanna agus cúiteamh atá le híoc le rannpháirtithe i bhforbairt scileanna.

Níor cheart go mbeadh an méid oiliúna a chuirtear ar fáil agus an buiséad oiliúna a chaitear níos lú ná an méid atá beartaithe i gCuid A de thábla Táb Z.

Ní mór Cuid B de Tháb Z a chomhlánú laistigh de 6 mhí sula gcuirtear an scannán i gcrích agus a chur ar ais chuig an Aonad Ealaíon, Scannán agus Infheistíochta, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, An Bóthar Nua, Cill Airne. Tá an oibleagáid seo sa bhreis ar an gceanglas comhlíonta eile maidir le dearbhú cáilíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi Rialacháin na Scannán 2019.

**Táb G: Liosta iomlán na gCeann Roinne**
Ba chóir go luafaí anseo ainm, post agus luach saothair na ndaoine aonair ábhartha.

**Táb H: Taithí agus Torthaí go dtí seo agus CVanna**
Ba chóir an CV nó cur síos ar thaithí agus ar thorthaí go dtí seo, go háirithe éachtaí ealaíne a sholáthar do gach léiritheoir, stiúrthóir agus scríbhneoir.

**Táb I:Caiteachas Léiriúcháin**
Tá achoimre ar chaiteachas léiriúcháin ar an ar an gcéad leathanach ag teastáil. Seo achoimre ar chostas iomlán an léiriúcháin agus an chaiteachais incháilithe rangaithe i bpríomhchatagóirí bhuiséid léiriúcháin an scannáin.

**Táb J: Tionscadail ar Bhuiséad Íseal / Tionscadail Deacra**

Tá carnadh Cúnamh Stáit teoranta i bprionsabal do 50%de bhuiséad léirithe an scannáin, d'fhonn gnáth-thionscnaimh tráchtála a spreagadh. Féadfaidh leibhéal cúnaimh suas le 60% den bhuiséad léirithe a bheith i gceist do léiriúcháin trasteorann maoinithe ag níos mó ná Ballstát amháin agus a bhaineann le léiritheoirí ó níos mó ná Ballstát amháin.

Is féidir scannáin le bhuiséad íseal a eisiamh ó na teorainneacha seo. Sainmhínítear scannán ísealbhuiséad mar scannán le buiséad táirgthe níos lú ná € 3milliún.

Ní bhaineann na teorainneacha seo le saothair dheacra closamhairc agus le comhléiriúcháin. Is féidir breathnú ar scannáin a bhfuil a mbunleagan aonar i dteanga oifigiúil de chuid Ballstáit a bhfuil críoch, daonra nó limistéar teanga teoranta aige mar shaothair dheacra closamhairc sa chomhthéacs seo. I measc shaothar deacair closamhairc tá scannáin ghearra, scannáin ó stiúrthóirí céaduaire agus dara-uaire, cláir faisnéise, nó saothair ar bhuiséad íseal nó saothair atá deacair ar bhonn tráchtála. Is éard atá i gceist le scannán deacair ná scannán d'ardchaighdeán a bhfuil ionchais an-teoranta ann maidir le maoiniú tráchtála a mhealladh dá léiriúchán agus/nó le dáileadh tráchtála leathan a bhaint amach.

Agus measúnú á dhéanamh nach bhfuil an leibhéal cúnaimh uasta á shárú, cuirfear san áireamh méid iomlán bhearta tacaíochta poiblí na mBallstát don ghníomhaíocht nó don tionscadal maoinithe, is cuma an maoinítear an tacaíocht sin ó fhoinsí áitiúla, náisiúnta nó ón Aontas Eorpach

Tá sé curtha in iúl ag an gCoimisiún Eorpach go meastar go bhfuil maoiniú arna sholáthar ag Craoltóir Seirbhíse Poiblí ina mhaoiniú ag rannpháirtí margaidh (is cuma cá bhfaigheann sé a chuid cistí) chun críche ionchur dá chlársceadealú a chinntiú agus ní mheastar é mar Chúnamh Stáit.

Más mian leis an iarratasóir iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar an teorainn maoinithe maidir le Cúnamh Stáit, le tionscadal deacair, ba cheart na cúiseanna ar a mheastar gur tionscadal deacair atá i gceist a lua i Táb J.

Má lorgaítear catagóiriú deacair don tionscadal, ba chóir cáipéisíocht chuige sin ó Fís Éireann agus/nó ó Údarás Craolacháin na hÉireann a chur san áireamh mar chuid de Táb J agus na cúiseanna ar a lorgaítear an rangú a shonrú.

**Táb K**
Is dearbhú é Táb K nach bhfuil an chuideachta iarrthach ná an gnóthas a bhfuil sé mar chuid de ina ghnóthas i gcruachás chun Alt 481 (2A) (b) (v) d'Acht 1997 a chomhlíonadh. Ba chóir go mbeadh sé comhlánaithe agus sínithe ag stiúrthóir de chuid na cuideachta léiriúcháin agus ag stiúrthóir de chuid na cuideachta incháilithe.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar ’ghnóthas atá i gcruachás’ féach le do thoil Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh 31.07 2014, C249/1.

Ní mór síniú thar ceann an chuideachta léiriúcháin agus an chuideachta cháilitheach a chuir isteach.

**Táb L**
Is éard atá i gceist le Táb L ná dearbhú nach bhfuil aon chuideachta sa ghrúpa scannáin faoi réir imeachtaí gnóthaithe atá fós le réiteach i gcomhlíon Alt 481 (2A) (b) (vi) d'Acht 1997. Ba chóir go mbeadh sé comhlánaithe agus sínithe ag stiúrthóir de chuid na cuideachta léiriúcháin.

**Táb M**
Is gealltanas í Táb M maidir le fostaíocht ar ardchaighdeán. Ba chóir go mbeadh sé comhlánaithe agus sínithe ag stiúrthóir de chuid na cuideachta léiriúcháin agus ag stiúrthóir de chuid na cuideachta incháilithe.

Fostaíocht d'ardchaighdeán é fostaíocht a comhlíonann gach gné ábhartha den dlí is infheidhme a chomhlíonadh, lena n-áirítear gan a bheith teoranta do na hoibleagáidí uile i réimse dhlí an chomhshaoil, an dlí sóisialta agus an dlí fostaíochta a bhaineann san áit ina gcuirtear na Seirbhísí ar fáil, a bunaíodh le dlí AE agus náisiúnta, agus comhaontuithe comhchoiteanna go háirithe forálacha na reachtaíochta seo a leanas arna leasú ó am go ham

i. na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014
ii. an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
iii. an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003, go háirithe alt 9(2) de
iv. an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
v. na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2011
vi. na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2004
vii. an tAcht um Íoc Pá 1991
viii. an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
ix. an tAcht um Íosphá Náisiúnta 2000
x. an tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2003 go 2014

Éilíonn fostaíocht d'ardchaighdeáin freisin go bhfuil an fostóir ag comhlíonadh le fostaíocht, luach saothair, cánacha, ceadúnais inimirce agus oibre gach duine a fhostaítear chun críocha an léiriúcháin (cuir isteach ainm an scannáin) agus tá beartais agus nósanna imeachta i scríbhinn i bhfeidhm acu maidir le Gearáin, Disciplín Dínit san áit oibre (lena n-áirítear ciapadh, bulaíochta agus comhdheiseanna), chomh maith lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le haon torthaí ón gCoimisiún um Chaidreamh a bhaineann leis na fostóirí agus le haon chuideachtaí gaolmhara.

Ní mór don bhainistíocht shinsearach atá ag obair ar an léiriúchán mar aon le 60% ar a laghad de na daoine go léir atá ag obair ar an léiriúchán oiliúint a chur i gcrích in 'Aghaidh a thabhairt ar Chlaonadh Neamhchomhfhiosach: Bunfheasacht', 'Ag Dul i nGleic le Bulaíocht agus Ciapadh' agus 'Oiliúint Do Dhaoine ar an Láthair' ((Nasc chuig Cúrsaí Saor in Aisce ar shuíomh gréasáin Fhís Éireann)).

Ní mór síniú thar ceann an chuideachta léiriúcháin agus an chuideachta cháilitheach a chuir isteach.

**Deimhniú a eisiúint**

Má éiríonn leis an iarratas, eiseoidh an tAire deimhniú don iarratasóir ina mbeidh roinnt coinníollacha lena n-áirítear seo a leanas, ach gan iad a bheith teoranta dóibh:

- Na coinníollacha a bhaineann le fostaíocht agus forbairt scileanna le linn an léiriúcháin;
- Mionsonraí an aitheantais ar dheontas S481 le bheith san áireamh i dteidil tosaigh nó sna creidiúintí deireanacha an scannáin;

- An ceanglas creidiúint mar léiritheoir ’nó‘ comhléiritheoir’ nó ‘léiritheoir feidhmiúcháin ’a thabhairt don Léiritheoir Éireannach i dteideal tosaigh agus/nó i bpríomhtheideal an scannáin mar a leanas:

  *“Beidh ainm an Léiritheora Éireannaigh le feiceáil sna creidiúintí tosaigh ag léiriú go cruinn ról an léiritheora, nó go heisceachtúil, sna príomhtheidil, de réir riachtanais dhrámata an scannáin”.*

  Féadfar maolú a lorg ar an gcoinníoll seo in imthosca an-teoranta; mar shampla más rud é nach bhfuil san ionchur Éireannach den scannán ach iarléiriúcháin nó maisíochtaí físe.

Iarrtar ar gach léiriúchán a fhaigheann maoiniú S481 sonraí faoin léiriúchán atá le teacht (lena n-áirítear dátaí léiriúcháin le dealramh) a logáil ar Bhunachar Sonraí an Chriú Scáileáin agus Seirbhísí a óstálann Fís Éireann, nuair is féidir sin a dhéanamh.

Tá íocaíocht an fhaoisimh faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha go léir atá sonraithe sa Deimhniú arna eisiúint ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.